Nuachtlitir- Mean Fómhair

FÁILTE

Fáilte ar ais go dtí an blian nua. Tá gach duine socraithe ar ais agus ag tnúth go mór leis na gníomhaíochtaí nua le déanamh sa bhlian seo.

BLITZ GORT INSE GUAIRE

Bhí am iontach ag rang a cúig agus rang a sé ag imirt iománaíocht agus camogie i blitz pobalscoil an Ghort Inse Guaire ar an ochtú lá déag de mhí Mean Fómhair. Bhain na páistí an-taitneamh as an lá. Bhí an ghrian ag taitneamh an lá ar fad. D'imir siad a lán cluichí i rith an lae agus bhí siad tuirseach traochta.

AN AIMSIR DEAS

Bhí an aimsir go hiontach i rith an mí. Bhí samhradh deireanach ann i Mean Fómhair. Bhí gach duine ag dul go dtí an trá , ag snámh agus ag imirt lena gcairde. Chaith na ranganna níos mó am ag obair taobh amuigh san aer uair.

TIMPEALL NA SCOILE

- Tá na naíonáin shóisearacha ag baint taitneamh as na gníomhaíochtaí spéisiúil a bhfuil siad ag déanamh sa scoil. Tá siad an sásta chun a bheith ag déanmah cairde nua.

- Tá an chóir ag cleachtadh agus ag canadh arís. Tá siad ag foghlaim amhráin nua lena múinteoirí agus Mr Ó Gallachóir. Is é an chéad bhlian do rang a trí sa chóir agus tá tionchar dearfach acu ar an gcóir.

- Thug Shauna Bocquet ón fhoireann Paralympic na hÉirinn cuairt ar an scoil chun óráid a thabhairt do na páistí. Bhí sí ag rasaíocht sa chathaoir rothaí 1500m. Bhí sí an-inspioráideach agus chuir na páistí a lán ceisteanna suimiúl uirthi le linn na hócáide. Bhí aoibh go dtí na cluasa ar na páistí ó thús go deireadh.

FRASA NA MÍOSA

'Tús maith leath na hoibre'